II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1528 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Iúil 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le bunú creata faireacháin agus meastóireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1007 liostaítear na táscairí le haghaidh tuairisciú a dhéanamh maidir lena mhéid atá an Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim ("an Ionstraim") ag déanamh dul chun cinn i dtaca le sroicheadh na gcuspóirí ginearálta agus na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán sin.

(2) Cé go bhfuil na táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1077 oiriúnach chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht, ní leor iad le go bhféadfaí faireachán agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí na hIonstraime maidir le sroicheadh na gcuspóirí ginearálta agus na gcuspóirí sonracha atá aici. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí breise a leagan síos mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta.

(3) Ba cheart na táscairí sin a bheith oiriúnach chun aschuir, torthaí agus tionchair na hIonstraime a thomhas, agus chun é sin a dhéanamh ar bhealach a chuirfidh san áireamh na ceanglais tuairiscithe agus meastóireachta atá ann cheana agus a leagadh síos le hAirteagal 11, 12 agus 13 de Rialachán (AE) 2021/1077.

(4) Chun a áirithiú, maidir leis na sonraí lena ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar an Ionstraim, go mbaileofar na sonraí sin ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, agus go tráthúil, ba cheart ceanglais chomhréireacha tuairiscithe a fhorchur ar fhaighteoirí an chistithe faoin Ionstraim, agus é sin a dhéanamh ar bhealach a choinneoidh an t-ualach riaracháin chomh héadrom agus is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Táscairí an chreata faireacháin agus meastóireachta agus na ceanglais tuairiscithe

1. Agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh ar an Ionstraim i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE) 2021/1077, úsáidfear na táscairí seo a leanas mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta:

(a) na táscairí ([2]) a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1077, táscairí lena dtomhaisfear torthaí na hIonstraime;

([1]) IO L 234, 2.7.2021, lch. 1.

([2]) Dá ngairtear táscaire toraigh "RES 1.3"

(b) na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, táscairí lena dtomhaisfear aschuir, torthaí agus tionchair na hIonstraime.

2. Na bunsonraí a úsáidfidh an Coimisiún chun tomhas a dhéanamh i ndáil leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh faighteoirí chistiú an Aontais na bunsonraí sin ar fáil go bliantúil, ach na sonraí sin a bheith le fáil. Na torthaí a gheofar as na tuairiscí bliantúla, ó na Pointí Trasnaithe Teorann agus ó na saotharlanna custaim, ba cheart iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin na dteachtaireachtaí bliantúla ó na riaracháin náisiúnta, na n-iarratas ar chistiú agus na suirbhéanna réamhshainithe a dhíríonn an Coimisiún chucu, i measc modhanna eile.

3. Chun tomhas a dhéanamh i ndáil leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1, mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta, úsáidfidh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthróidh faighteoirí chistiú an Aontais.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta de na táscairí breise maidir leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta i gcomhair na hIonstraime um threalamh rialaithe custaim dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/1077

1. Táscairí aschuir:

(a) OP 1.1: An líon píosaí trealaimh in aghaidh an Phointe Trasnaithe Teorann (PTT) de chuid na mBallstát agus na Saotharlainne Custaim a ceannaíodh, a ndearnadh cothabháil orthu nó a uasghrádaíodh trí bhíthin chistí ITRC;

(b) OP 1.2: Úsáid an trealaimh lena mbaineann, a ceannaíodh, a ndearnadh cothabháil air nó a uasghrádaíodh trí bhíthin chistí ITRC, agus an úsáid sin arna thomhas in aghaidh PTTanna agus saotharlann custaim na mBallstát;

(c) OP 1.3: An chionmhaireacht de riaracháin náisiúnta a thugann tuairisc dhearfach maidir le foriomláine na tacaíochta ó ITRC agus maidir le héifeachtúlacht an phróisis cur chun feidhme.

2. Táscairí toraidh:

(a) RES 1.1: Torthaí sonracha a fuair na Ballstáit trí úsáid an trealaimh arna chistiú ag ITRC;

(b) RES 1.2: An chionmhaireacht de riaracháin náisiúnta a aontaíonn go raibh ITRC ina rannchuidiú i dtaca le rialuithe custaim leormhaithe a chur ar fáil a thug torthaí coibhéiseacha;

(c) RES 1.4: Cumhdach rioscaí agus bagairtí ag Pointí Trasnaithe Teorann/saotharlanna lenar rannchuidíodh le cur i bhfeidhm comhchuibhithe na rialaithe custaim;

(d) RES 2: An chionmhaireacht de riaracháin náisiúnta a thugann tuairisc dhearfach maidir le rannchuidiú ITRC le feabhsú chur chun feidhme an Chreata Bainistithe Riosca Custaim (CBRC).

3. Táscaire tionchair:

IMP 1: Rannchuidiú ITRC le cuspóirí an Aontais Custaim

(a) IMP 1 fothásc-1: Rannchuidiú ITRC le cosaint leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais;

(b) IMP 1 fothásc-2: Rannchuidiú ITRC i dtaca le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú;

(c) IMP 1 fothásc-3: Rannchuidiú ITRC le cosaint an Aontais ar an trádáil neamhdhleathach agus le héascú na gníomhaíochta gnó dlisteanaí.